# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/734 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

**an 10 Bealtaine 2022**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv * (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun an rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 28 Samhain 2019, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2019/1991 ([2]), lena gceaptar Lars-Gunnar WIGEMARK ina Cheann Misin ar EULEX KOSOVO don tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 14 Meitheamh 2020.

(3) An 3 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/904 ([3]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EULEX KOSOVO go dtí an 14 Meitheamh 2023.

(4) An 10 Meitheamh 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/959 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin EULEX KOSOVO go dtí an 14 Meitheamh 2022.

(5) Tá molta ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin EULEX KOSOVO don tréimhse ón 15 Meitheamh 2022 go dtí an 14 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) don tréimhse ón 15 Meitheamh 2022 go dtí an 14 Meitheamh 2023.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) IO L 42, 16.2.2008, lch. 92.

([2]) Cinneadh (CBES) 2019/1991 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Samhain 2019 maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX Kosovo/2/2019) (IO L 308, 29.11.2019, lch. 105).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/904 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (IO L 197, 4.6.2021, lch. 114).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/959 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Meitheamh 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2021) (IO L 212, 15.6.2021, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Meitheamh 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*